2026/2031

14.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2031 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a chuireann soláthraithe seirbhíse amach ar conradh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 43(1), pointí (a), (b) agus (bb), agus Airteagal 62(14), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna maidir le soláthar seirbhísí bainistithe aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta ('BAT/SAL') agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú aerthráchta ('feidhmeanna líonra BAT') maidir leis an aerthrácht ginearálta agus maoirseacht an aerthráchta.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tugadh isteach coinníollacha nua maidir le soláthar seirbhíse ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

(3) Chun seirbhísí a sholáthar do sholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta eile, tá soláthraí seirbhíse le bheith deimhnithe nó lena chumas a bheith dearbhaithe aige i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139, dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/2803.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373, leagtar síos na ceanglais chomhchoiteanna le go ndeonófar deimhniú do sholáthraithe seirbhísí BAT/SAL agus le go mbeidh siad i dteideal na pribhléidí a dheonaítear faoi raon feidhme an deimhnithe sin a fheidhmiú. Is gá a shonrú conas a idirghníomhaíonn na ceanglais sin le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a bhaineann le gníomhaíochtaí ar conradh arna ndéanamh ag eagraíochtaí neamhdheimhnithe a ndéanann an soláthraí seirbhíse deimhnithe faireachán orthu, chun a áirithiú go bhfuil siad ailínithe leis na ceanglais maidir le soláthar seirbhíse a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/2803.

(5) Go sonrach, ba cheart a cheangal ar gach soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta deimhniú nó dearbhú bailí a bheith aige de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139 gan dochar d'Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2024/2803. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht gníomhaíochtaí a chur amach ar conradh chuig eagraíochtaí neamhdheimhnithe a theorannú do ghníomhaíochtaí coimhdeacha, ar gníomhaíochtaí nach seirbhísí aerloingseoireachta iad agus, dá thoradh sin, níor cheart cásanna a bheith ann ina ndéanann eagraíocht neamhdheimhnithe gníomhaíochtaí fíor-riachtanacha a thagann faoin sainmhíniú ar an tseirbhís a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta deimhnithe.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus a bhformhaoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/373/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj).

(6) Ba cheart na ceanglais maidir le gníomhaíochtaí ar conradh a fhorlíonadh le ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse a úsáideann pearsanra nó trealamh a sholáthraíonn eagraíocht sheachtrach. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais sin go ndéanfar na hacmhainní sin a chomhtháthú go héifeachtach i gcórais fheidhmiúla agus bhainistíochta an tsoláthraí seirbhíse, agus gurb é an soláthraí seirbhíse a choinníonn an rialú oibríochtúil agus go leanfaidh sé de bheith freagrach as na gníomhaíochtaí gaolmhara. Thairis sin, ba cheart conradh foirmiúil a thabhairt i gcrích idir an soláthraí seirbhíse agus an eagraíocht a sholáthraíonn na hacmhainní sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 03/2025 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘(1) na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

_____

(*) Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj).

(**) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I agus III i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an sainmhíniú seo a leanas isteach:

'(24a) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí coimhdeacha', chun críocha phointe ATM/ANS.OR.B.015 d'Iarscríbhinn III, gníomhaíochtaí lena dtacaítear le soláthar ATM/ANS nó lena gcumasaítear an soláthar sin agus:

(a) nach dtagann faoin sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (5), de Rialachán (AE) 2018/1139; nó

(b) nach bhfuil aon cheanglas sonrach, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III go XIII, infheidhme ina leith faoin Rialachán seo.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe ATM/ANS.OR.B.015:

'**ATM/ANS.OR.B.015 Gníomhaíochtaí ar conradh**

(a) Féadfaidh soláthraithe seirbhíse gníomhaíochtaí a chur amach ar conradh chuig eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is gá, chun tacú lena n-oibríochtaí.

(b) Gan dochar d'Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2024/2803, áiritheoidh soláthraí seirbhíse nach ndéanfar na gníomhaíochtaí a chuimsítear in BAT/SAL a thagann faoin sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (5), de Rialachán (AE) 2018/1139 a bhfuil ceanglais shonracha mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III go XIII infheidhme ina leith faoin Rialachán seo a chur amach ar conradh ach amháin chuig eagraíocht a bhfuil deimhniú aici lena gcuimsítear an téarma/na téarmaí formheasa ábhartha, nó a bhfuil dearbhú curtha isteach aici, de réir mar is infheidhme.

(c) Féadfar gníomhaíochtaí coimhdeacha a chur amach ar conradh chuig eagraíocht nach bhfuil deimhniú ina seilbh aici, ná nach bhfuil dearbhú curtha isteach aici.

(d) Ní chuirfear gníomhaíochtaí coimhdeacha amach ar conradh ach amháin i gcás ina bhfionnfar gur féidir aon tionchar ar sholáthar na seirbhísí a bhainistiú go héifeachtach.

(e) Déanfaidh an soláthraí seirbhíse faireachán tráthrialta ar fheidhmiú a ghníomhaíochtaí ar conradh.';

(b) cuirtear an pointe ATM/ANS.OR.B.016 seo a leanas isteach:

'**ATM/ANS.OR.B.016 Úsáid acmhainní ó eagraíochtaí neamhdheimhnithe**

I gcás ina n-úsáideann soláthraí seirbhíse pearsanra nó trealamh arna sholáthar ag eagraíocht sheachtrach, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar an pearsanra agus an trealamh sin a chomhtháthú go hiomlán ina chóras feidhmiúil agus bainistíochta, agus go gcoinneoidh sé an rialú oibríochtúil;

(b) gur ar an soláthraí seirbhíse a bheidh an fhreagracht iomlán as an ngníomhaíocht i gcónaí;

(c) go dtabharfar conradh foirmiúil i gcrích chuige sin.';